

ÉANACHA AR OILEÁN MHC DARA

Tá na roilleacha ar Oileán Mhc Dara agus éanacha aille, cailleacha dubha agus broighill; laidhríní trágha. Tigeann géabha fiadháine ins an ngeimhreadh ann. Tá foilleáin ann, crotaiigh agus tá na siúimicíní thart sa bhfairrge ann. Éanacha a bhfuil gob dearg orthab. Ní fhaca mé ariamh ar an gcarraig iad. Feicim máirtíní na hola a'dhul thart ins a' bhfairrge ann. Luidheann lachain fhiadháine ar an oileán go minic. Leigeann siad ál amach ann go hionndamhail. Chuala mé an chuach a' seinnm ar an oileán agus tá an chorr éisg ann. Chonaic mé an fhaoille mhór in aice leis an oileán. Sí an fhaocha mhór í, ní faoileán í. An-éan le n'ithe í. Níl aon ghair ag an mbroighill uirthi. Tá an clúmhach chomh láidir uirthi go sgiorrann an grán di mara mbuaileann tú in aghaidh an chlúmhaigh í.

Chonaic mé an spideog ann agus an dreoilín mór agus an fhuisseog agus an caislín cloch. Bíonn creabhair chaocha ann droch-gheimhreadh.